Íoschaighdeáin chun barr feabhais i scrúduithe ALTE a chinntiú

Aguisín II

I ngach cás, mínigh an éiríonn leis an scrúdú na caighdeáin seo a bhaint amach, agus má éiríonn, an chaoi ina ndéantar é seo.

Cruthú tástálacha (trialacha, scrúdaithe)

1. Tá an scrúdú bunaithe ar thógán teoiriciúil, m.sh. ar shamhail chumas cumarsáideach.
2. Is féidir cur síos a dhéanamh ar aidhm agus ar chomhthéacs úsáide an scrúdaithe, agus ar an bpobal a n-oireann an scrúdú dó.
3. Cuirtear critéir maidir le roghnú agus oiliúint chruthaitheoirí na dtástálacha ar fáil agus úsáidtear sainbhreithiúnas i gcruthú na dtástálacha agus in athbhreithniú agus in athdhréachtú na scrúduithe.
4. Tá na scrúduithe comhchéime faoi údaráis éagsúla inchomparáide maidir le hábhar, cobhsaíocht, comhsheasamhacht agus teorainneacha grád.
5. Má mhaítear go bhfuil an scrúdú ceangailte le córas tagartha seachtrach (m.sh. *An Fráma Tagartha Comónta Eorpach*), is féidir fianaise den ailíniú leis an gcóras seo a chur ar fáil.

Riarachán agus Loighistic

6. Roghnaítear na hionaid ar an tuiscint go n-eagrófar an scrúdú de réir nósanna imeachta atá soiléir, seanbhunaithe agus trédhearcach, agus go bhfuil teacht acu ar na rialacháin a thabharfaidh treoracha dóibh chun é seo a dhéanamh.
7. Déantar cinnte de go gcuirtear leaganacha glana de na páipéir scrúdaithe ar fáil agus go n-úsáidtear córas iompair atá slán agus iontaofa chun na páipéir scrúdaithe a sheachadadh chuig na hionaid scrúdaithe údaraithe. Dearbhaítear go láimhseálann córas riaracháin na scrúduithe gach doiciméad a bhaineann leis na scrúduithe ar bhealach slán agus inrianaithe. Is féidir rúndacht gach gné den chóras a ráthú.
8. Tá na struchtúir chuí tacaíochta ag an gcóras riaracháin scrúdaithe (m.sh. beolíne theileafóin, seirbhísí Idirlín, srl.).
9. Déantar an chosaint chuí ar shlándáil agus ar rúndacht na dtorthaí agus na dteastas, agus ar gach eolas a bhaineann leo, de réir reachtaíocht reathúil um chosaint sonraí. Cuirtear a gcearta in iúl do na hiarrthóirí maidir leis an eolas seo a rochtain.
10. Cuireann an córas scrúdaithe tacaíocht ar fáil d’iarrthóirí le riachtanais speisialta.

Marcáil agus Grádú

11. Tá an mharcáil cruinn agus iontaofa a dóthain do chuspóir agus do chineál an scrúdaithe.

12. Is féidir a thaifead i scríbhinn agus míniú a thabhairt ar an mbealach ina ndéantar an mharcáil agus bailíocht na marcála sin a mheas agus ar an chaoi ina mbailítear agus ina ndéantar anailís ar shonraí maidir leis an dóigh a d'éirigh leis na scrúdaitheoirí agus iad ag plé le tástálacha sa teanga scríofa agus labhartha.

Anailís ar Thástálacha

13. Bailítear agus déantar anailís ar shonraí ó shampla ionadaíoch leormhaith iarrthóirí agus is féidir a bheith muiníneach go bhfuil na torthaí atá gnóthaithe acu bunaithe ar na scileanna tomhasta sa scrúdú agus nach bhfuil tionchar ag tosca ar nós T1, tír dhúchais, inscne, aois agus bunús eitneach orthu.
14. Bailítear agus déantar anailís ar shonraí maidir le leibhéal na míreanna (m.sh. le leibhéal deacrachta, idirdhealaithe, bailíochta agus earráidí caighdeánacha tomhais an scrúdaithe a ríomh) ó shampla leormhaith iarrthóirí.

Cumarsáid le Páirtithe Leasmhara

15. Déanann córas riaracháin na scrúduithe torthaí an scrúdaithe a chur in iúl do na hiarrthóirí agus do na hionaid scrúdaithe go pras agus go soiléir.
16. Cuirtear eolas ar fáil do na páirtithe leasmhara faoi chomhthéacs, chuspóir agus úsáid chuí an scrúdaithe, agus iontaofacht thorthaí an scrúdaithe go ginearálta.
17. Cuirtear eolas oiriúnach ar fáil do na páirtithe leasmhara chun cuidiú leo ciall a bhaint as torthaí an scrúdaithe agus an úsáid chuí a bhaint astu.

© ALTE Code of Practice working group
Translated by Language Centre,
National University of Ireland, Maynooth.